| STSSY 80 | Airteagal 26c(7), pointe (a) | Oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha - An t-iontaobhaí | | V | | Míniú achomair go sonraítear go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha an iontaobhaí agus soláthraithe seirbhíse coimhdeacha eile, de réir mar is infheidhme. | Ítim 3.2 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 81 | Airteagal 26c(7), pointe (a) | Oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha – Gníomhaire fíorúcháin tríú páirtí | | V | | Míniú achomair go sonraítear go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt oibleagáidí, dualgais agus freagrachtaí conarthacha an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126. | Ítim 3.2 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 82 | Airteagal 26c(7), pointe (b) | Soláthraithe seirbhíse a athsholáthar i gcás mainneachtana nó dócmhainneachta | | V | | Míniú achomair go sainítear go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt na forálacha lena n-áirithítear athsholáthar an tseirbhíseora, ar an iontaobhaí, ar na soláthraithe seirbhíse coimhdeacha eile nó ar an ngníomhaire fíoraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 i gcás mainneachtana nó dócmhainneachta de cheachtar de na soláthraithe seirbhíse sin, i gcás ina bhfuil na soláthraithe seirbhíse sin éagsúil leis an tionscnóir, ar bhealach nach gcuirfear deireadh le soláthar na seirbhísí sin. | Ítim 3.2 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| STSSY 83 | Airteagal 26c(7), pointe (c) | Nósanna imeachta seirbhísithe | | V | | Míniú achomair go sainítear go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt na nósanna imeachta seirbhísithe a bhfuil feidhm acu maidir leis na neamhchosaintí foluiteacha ar dháta deiridh an idirbhirt agus ina dhiaidh sin agus na cúinsí faoina bhféadfar na nósanna imeachta sin a mhodhnú. | Ítim 3.4.6 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 84 | Airteagal 26c(7), pointe (d) | Caighdeáin seirbhísithe | | V | | Míniú achomair go sainítear go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt na caighdeáin seirbhísithe a mbeidh sé d'oibleagáid ar an seirbhíseoir a chomhlíonadh agus na neamhchosaintí foluiteacha á seirbhísiú aige laistigh de shaolré iomlán an urrúsaithe. | Ítim 3.4.6 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 85 | Airteagal 26c(8), an chéad fhomhír | Saineolas riachtanach ón seirbhíseoir | | V | | Míniú achomair go bhfuil saineolas ag an seirbhíseoir ar neamhchosaintí a sheirbhísiú atá comhchosúil leis na neamhchosaintí urrúsaithe. | Ítim 3.4.6 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 86 | Airteagal 26c(8), an chéad fhomhír | Beartais, nósanna imeachta agus rialuithe bainistithe riosca dea-dhoiciméadaithe leordhóthanach a bheith i bhfeidhm | V | | | Dearbhú go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus rialuithe bainistithe riosca dea-dhoiciméadaithe leordhóthanacha ag an seirbhíseoir a bhaineann le neamhchosaintí a sheirbhísiú. | Ítim 3.4.6 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 87 | Airteagal 26c(8), an dara fomhír | Nósanna imeachta seirbhísithe atá chomh dian céanna ar a laghad leis na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí comhchosúla nach bhfuil urrúsaithe | V | | | Míniú achomair go gcuireann an seirbhíseoir nósanna imeachta um sheirbhísiú i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí foluiteacha atá ar a laghad chomh dian céanna leis na nósanna imeachta arna gcur i bhfeidhm ag an tionscnóir maidir le neamhchosaintí comhchosúla nach bhfuil urrúsaithe. | Ítim 3.4.6 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 88 | Airteagal 26c(9) | Clár tagartha i bhfeidhm | | | V | Míniú mionsonraithe faoin dóigh a gcoinníonn an tionscnóir clár tagartha cothrom le dáta chun na neamhchosaintí foluiteacha a shainaithint i ngach tráth. | N/B |
| STSSY 89 | Airteagal 26c(9) | Clár tagartha – Ábhar | | V | | Míniú achomair go sainaithníonn an clár tagartha sin dá dtagraítear i Réimse STSSY 88 na féichiúnaithe tagartha, na hoibleagáidí tagartha as a n-eascraíonn na neamhchosaintí foluiteacha, agus, i gcás gach neamhchosanta foluití, an méid ainmniúil atá cosanta agus an méid atá gan íoc. | N/B |
| STSSY 90 | Airteagal 26c(10) | Réiteach tráthúil ar choinbhleachtaí idir aicmí éagsúla infheisteoirí | V | | | Dearbhú go n-áirítear i ndoiciméadacht an idirbhirt forálacha soiléire lena n-éascaítear réiteach tráthúil ar choinbhleachtaí idir aicmí éagsúla infheisteoirí. | Ítim 3.4.7 agus 3.4.8 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |
| STSSY 91 | Airteagal 26c(10) | SSPE – Cearta vótála atá sainithe go soiléir | V | | | Dearbhú i gcás urrúsúcháin ina mbaintear úsáid as SSPE, go sainítear cearta vótála go soiléir agus go ndéantar iad a leithdháileadh ar shealbhóirí bannaí agus go sainaithnítear go soiléir freagrachtaí an iontaobhaí agus na n-eintiteas eile a bhfuil dualgais mhuiníneacha orthu i leith infheisteoirí. | N/B |
| STSSY 92 | Airteagal 26d(1) | Sonraí maidir le Feidhmíocht Stairiúil i dtaobh Mainneachtana agus Caillteanais | V | | | Sonraí maidir le mainneachtain stairiúil statach agus dhinimiciúil agus feidhmíocht chaillteanais amhail sonraí maidir le faillí agus maidir le mainneachtain (lena gcumhdaítear tréimhse 5 bliana ar a laghad), i gcás neamhchosaintí atá comhchosúil go substaintiúil leis na cinn atá á n-urrúsú, mar aon le foinsí na sonraí sin agus an bunús atá leis an tuiscint go bhfuil comhchosúlacht ann, dearbhú go | Ítim 2.2.2 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | gcuirtear na sonraí sin ar fáil d'infheisteoirí féideartha roimh an bpraghsáil. | |
| STSSY 93 | Airteagal 26d(2) | Sampla de na neamhchosaintí foluiteacha faoi réir fíorú seachtrach | V | | | Dearbhú go bhfuil sampla de na neamhchosaintí foluiteacha faoi réir fíorú seachtrach ag páirtí iomchuí neamhspleách roimh dháta deiridh an idirbhirt, lena n-áirítear fíorú go bhfuil na neamhchosaintí foluiteacha incháilithe le haghaidh cosaint chreidmheasa faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa. | N/B |
| STSSY 94 | Airteagal 26d(3) | Infhaighteacht de shamhail sreafa airgid i leith dliteanais dliteanais d'infheisteoirí féideartha | V | | | Dearbhú go ndéanann an tionscnóir, roimh phraghsáil an urrúsaithe, samhail sreafa airgid i leith dliteanais a chur ar fáil d'infheisteoirí féideartha lena léirítear go cruinn an gaol conarthach atá ann idir na neamhchosaintí foluiteacha agus na híocaíochtaí a aistrítear idir an tionscnóir, infheisteoirí, tríú páirtithe eile agus, i gcás inarb infheidhme, SSPE, agus, i ndiaidh na praghsála, cuirfidh an tionscnóir an tsamhail sin ar fáil d'infheisteoirí ar bhonn leanúnach agus d'infheisteoirí féideartha arna hiarraidh sin. | N/B |
| STSSY 95 | Airteagal 26d(4), an chéad fhomhír | Foilseachán maidir le feidhmíocht chomhshaoil neamhchosaintí foluiteacha lena gcuimsítear iasachtaí cónaithe nó iasachtaí gluaisteáin nó léasanna gluaisteáin | | V | | I gcás urrúsaithe inar iasachtaí cónaithe nó iasachtaí gluaisteáin nó léasanna gluaisteáin na neamhchosaintí foluiteacha agus mura gcuirtear an eisceacht i réimse STSSY 96 i bhfeidhm, míniú achomair go gcuireann an tionscnóir faisnéis ar fáil a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil na sócmhainní a mhaoinítear leis na hiasachtaí, mar chuid den fhaisnéis a nochtar de bhun Airteagal 7(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402. | N/B |
| STSSY 96 | Airteagal 26d(4), an dara fomhír | Maolú ar an gceanglas feidhmíocht chomhshaoil neamhchosaintí foluiteacha ina gcuimsítear iasachtaí cónaithe nó iasachtaí gluaisteáin nó léasanna gluaisteán a fhoilsiú | | V | | I gcás ina gcinneann an tionscnóir maolú ar an gceanglas i réimse STSSY 95, míniú achomair go bhfoilsíonn an tionscnóir an fhaisnéis atá ar fáil maidir le drochthionchair phríomha ó thaobh fachtóirí inbhuanaitheachta de na sócmhainní a mhaoinítear leis na neamhchosaintí foluiteacha. | N/B |
| STSSY97 | Airteagal 26d(5) | Tionscnóir atá freagrach as comhlíonadh Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/2402 | V | | | Dearbhú go bhfuil an tionscnóir freagrach as Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/2402 a chomhlíonadh. | N/B |
| STSSY 98 | Airteagal 26d(5) | Faisnéis faoi Airteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/2402 atá ar fáil d'infheisteoirí féideartha | V | | | An fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 7(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402, dearbhú go gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil d'infheisteoirí féideartha arna iarraidh sin roimh an bpraghsáil. | N/B |
| STSSY 99 | Airteagal 26d(5) | Faisnéis faoi Airteagal 7(1), pointí (b), (c) agus (d) de Rialachán (AE) 2017/2402 atá ar fáil d'infheisteoirí féideartha i bhfoirm dréachta nó i bhfoirm thosaigh ar a laghad | V | | | An fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 7(1), an chéad fhomhír, pointí (b), (c) agus (d), de Rialachán (AE) 2017/2402, dearbhú go gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil roimh an bpraghsáil i bhfoirm dréachta nó i bhfoirm thosaigh ar a laghad agus ansin go gcuirtear an doiciméadacht deiridh ar fáil d'infheisteoirí 15 lá ar a dhéanaí tar éis dháta deiridh an idirbhirt. | N/B |
| STSSY 100 | Airteagal 26e(1), an chéad fhomhír, pointe (a) | Imeachtaí creidmheasa agus úsáid ráthaíochtaí | | V | | I gcás ina mbaintear aistriú riosca amach trí ráthaíochtaí a úsáid, míniú achomair a thugann le fios go gcumhdaítear, ar a laghad, leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa na teagmhais chreidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 215(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. | N/B |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| STSSY 101 | Airteagal 26e(1), an chéad fhomhír, pointe (b) | Imeachtaí creidmheasa agus úsáid díorthach creidmheasa | | V | | I gcás ina mbaintear aistriú riosca amach trí dhíorthaigh chreidmheasa a úsáid, míniú achomair go gcuimsíonn an comhaontú creidmheasa na teagmhais chreidmheasa sin ar a laghad dá dtagraítear in Airteagal 216(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. | N/B |
| STSSY 102 | Airteagal 26e(1), an dara fomhír | An Comhaontú cosanta creidmheasa a bheith doiciméadaithe | | V | | Míniú achomair go bhfuil gach teagmhas creidmheasa doiciméadaithe. | N/B |
| STSSY 103 | Airteagal 26e(1), an tríú fomhír | Le bearta staonta, ní chuirtear bac ar ghníomhachtú teagmhas creidmheasa incháilithe | | V | | Na bearta staonta de réir bhrí Airteagal 47b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí foluiteacha, míniú achomair nach gcuireann siad cosc ar ghníomhachtú teagmhais creidmheasa incháilithe. | N/B |
| STSSY 104 | Airteagal 26e(2), an chéad fhomhír | Íocaíocht cosanta creidmheasa bunaithe ar na beartais agus na nósanna imeachta maidir le caillteanas réadaithe iarbhír agus aisghabháil chaighdeánach | | V | | Míniú achomair go ríomhtar an íocaíocht cosanta creidmheasa, tar éis do theagmhas creidmheasa tarlú, go ríomhtar í bunaithe ar an gcaillteanas réadaithe iarbhír a d'fhulaing an tionscnóir nó an t-iasachtóir bunaidh, arna réiteach i gcomhréir lena mbeartais chaighdeánacha agus lena nósanna imeachta caighdeánacha maidir le haisghabháil i gcás na gcineálacha ábhartha neamhchosaintí agus arna taifeadadh ina ráitis airgeadais tráth a dhéantar an íocaíocht. | N/B |
| STSSY 105 | Airteagal 26e(2), an chéad fhomhír | Íocaíocht cosanta creidmheasa iníoctha laistigh de thréimhse shonraithe ama | | V | | Míniú achomair go mbíonn an íocaíocht deiridh cosanta creidmheasa iníoctha laistigh de thréimhse ama shonraithe tar éis réiteach an fhiachais i leith na neamhchosanta foluití ábhartha i gcás ina mbíonn réiteach an fhiachais curtha i gcrích roimh aibíocht dhlíthiúil sceidealaithe an chomhaontaithe cosanta creidmheasa nó roimh fhoirceannadh luath an chomhaontaithe cosanta creidmheasa. | N/B |
| STSSY 106 | Airteagal 26e(2), an chéad fhomhír | Íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa sé mhí ar a dhéanaí tar éis teagmhas creidmheasa | | V | | I gcásanna nach mbíonn réiteach fiachais na gcaillteanas don neamhchosaint fholuiteach ábhartha tugtha chun críche faoi dheireadh na tréimhse sé mhí dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 26e(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, míniú achomair go ndéantar íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa sé mhí ar a dhéanaí tar éis do theagmhas creidmheasa dá dtagraítear i réimsí STSSY100 agus STSSY101 tarlú. | N/B |
| STSSY 107 | Airteagal 26e(2), an dara fomhír, pointí (a) agus (b) | Íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa atá níos airde ná an méid caillteanais ionchasaigh is infheidhme | | V | | Míniú achomair go bhfuil an íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa ar a laghad cothrom leis an gceann is airde díobh seo a leanas:<br>(a) méid an chaillteanais ionchasaigh atá coibhéiseach leis an lagú arna thaifeadadh ag an tionscnóir ina ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme tráth a dhéantar an íocaíocht eatramhach, ag glacadh leis nach ann don chomhaontú cosanta creidmheasa agus nach gcumhdaítear aon chaillteanais leis; nó, (b) i gcás inarb infheidhme, méid an chaillteanais ionchasaigh arna chinneadh i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. | N/B |
| STSSY 108 | Airteagal 26e(2), an tríú fomhír | Téarmaí na híocaíochta eatramhaí cosanta creidmheasa | | V | | I gcás ina ndéantar íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa, míniú achomair go ndéantar an íocaíocht deiridh cosanta creidmheasa dá dtagraítear i réimse STSSY106 chun an socrú eatramhach maidir le caillteanais a oiriúnú don chaillteanas réadaithe iarbhír. | N/B |
| STSSY 109 | Airteagal 26e(2), an ceathrú fomhír | Modh chun íocaíochtaí cosanta creidmheasa eatramhacha agus deiridh a ríomh | | V | | Míniú achomair go sonraítear an modh chun íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh cosanta creidmheasa a ríomh sa chomhaontú cosanta creidmheasa. | N/B |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| STSSY 110 | Airteagal 26e(2), an cúigiú fomhír | Íocaíocht cosanta creidmheasa atá comhréireach le sciar an mhéid ainmniúil gan íoc | | V | | Míniú achomair go bhfuil an íocaíocht cosanta creidmheasa comhréireach le sciar mhéid ainmniúil gan íoc na neamhchosanta foluití comhfhreagraí a chumhdaítear leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa. | N/B |
| STSSY 111 | Airteagal 26e(2), an séú fomhír | Infhorghníomhaitheacht na híocaíochta cosanta creidmheasa | | V | | Míniú achomair go bhfuil ceart an tionscnóra an íocaíocht cosanta creidmheasa a fháil in-fhorfheidhmithe. | N/B |
| STSSY 112 | Airteagal 26e(2), an séú fomhír | Tá an méid is iníoctha ag infheisteoirí faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa leagtha amach sa chomhaontú cosanta creidmheasa. | | V | | Míniú achomair go bhfuil na méideanna atá iníoctha ag infheisteoirí faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa leagtha amach go soiléir sa chomhaontú cosanta creidmheasa agus go bhfuil teorainn leis na méideanna sin. | N/B |
| STSSY 113 | Airteagal 26e(2), an séú fomhír | Na méideanna a ríomh i ngach uile chúinse | | V | | Míniú achomair gur féidir na méideanna is iníoctha ag na hinfheisteoirí faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa a ríomh i ngach uile chúinse. | N/B |
| STSSY 114 | Airteagal 26e(2), an séú fomhír | Imthosca íocaíochtaí infheisteoirí atá leagtha amach sa chomhaontú cosanta creidmheasa. | | V | | Míniú achomair go leagtar amach go soiléir sa chomhaontú cosanta creidmheasa na himthosca faoina gceanglaítear ar infheisteoirí íocaíochtaí a dhéanamh. | N/B |
| STSSY 115 | Airteagal 26e(2), an séú fomhír | Measúnú an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí ar na himthosca a spreagann gá le híocaíochtaí infheisteoirí | | V | | Míniú achomair go ndéanann an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 measúnú ar cé acu a tharla nó nár tharla na himthosca a leagtar amach sa chomhaontú cosanta creidmheasa faoina bhfuil ar infheisteoirí íocaíochtaí a dhéanamh. | N/B |
| STSSY 116 | Airteagal 26e(2), an seachtú fomhír | Íocaíocht cosanta creidmheasa arna ríomh ar leibhéal neamhchosanta foluití aonair. | | V | | Míniú achomair go ríomhtar méid na híocaíochta cosanta creidmheasa ar leibhéal na neamhchosanta foluití aonair ar tharla teagmhas creidmheasa ina leith. | N/B |
| STSSY 117 | Airteagal 26e(3), an chéad fhomhír | Sonrú na tréimhse sínithe uasta le haghaidh an phróisis réitithe fiachais | | V | | Míniú achomair go sonraítear sa chomhaontú cosanta creidmheasa an uastréimhse fadaithe a bheidh i bhfeidhm le haghaidh réiteach an fhiachais i leith na neamhchosaintí foluiteacha ar ina leith a tharla teagmhas creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 26e(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, ach gan réiteach an fhiachais a bheith curtha i gcrích ina leith tráth aibíocht dhlíthiúil sceidealaithe an chomhaontaithe cosanta creidmheasa nó tráth fhoirceannadh luath an chomhaontaithe cosanta creidmheasa. | N/B |
| STSSY 118 | Airteagal 26e(3), an chéad mhír | Tréimhse fadaithe níos lú ná dhá bhliain | | V | | Míniú achomair nach faide ná dhá bhliain an tréimhse fadaithe dá dtagraítear i réimse STSSY 117. | N/B |
| STSSY 119 | Airteagal 26e(3), an chéad mhír | Íocaíocht deiridh cosanta creidmheasa bunaithe ar mheastachán caillteanais deiridh an tionscnóra | | V | | Míniú achomair go bhforáiltear sa chomhaontú cosanta creidmheasa go ndéanfar íocaíocht deiridh cosanta creidmheasa, faoi dheireadh na tréimhse fadaithe dá dtagraítear in uimhir réimse STSSY 117, ar bhonn mheastachán an tionscnóra maidir le caillteanas deiridh a bheadh taifeadta ag an tionscnóir ina ráitis airgeadais ag an tráth sin, ag glacadh leis nach ann don chomhaontú cosanta creidmheasa agus nach gcumhdaítear aon chaillteanas leis. | N/B |
| STSSY 120 | Airteagal 26e(3), an dara fomhír | Foirceannadh an chomhaontaithe cosanta creidmheasa | | V | | I gcás ina ndéantar an comhaontú cosanta creidmheasa a fhoirceannadh, míniú achomair go leantar ar aghaidh le réiteach an fhiachais i leith aon teagmhas creidmheasa gan íoc a tharla roimh an bhfoirceannadh sin ar an gcaoi céanna agus a thuairiscítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 26e(3) de Rialachán (AE) 2017/2402. | N/B |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| STSSY 121 | Airteagal 26e(3), an tríú fomhír | Préimheanna cosanta creidmheasa atá ag brath ar an méid ainmniúil gan íoc | | V | | Míniú achomair go ndéantar na préimheanna cosanta creidmheasa atá le híoc faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa a struchtúrú ag brath ar mhéid ainmniúil gan íoc na neamhchosaintí tuillmheacha urrúsúcháin tráth na híocaíochta agus léirítear leo riosca an tráinse chosanta. | N/B |
| STSSY 122 | Airteagal 26e(3), an tríú fomhír | Comhaontú cosanta creidmheasa gan sásraí a shonrú lena bhféadfaí leithdháileadh iarbhír caillteanas ar infheisteoirí a sheachaint nó a laghdú | | V | | Míniú achomair, chun críocha réimse STSSY117, nach sonraítear sa chomhaontú cosanta creidmheasa préimheanna ráthaithe, íocaíochtaí préimhe tosaigh, sásraí lacáiste nó sásraí eile a d'fhéadfadh leithdháileadh iarbhír caillteanas ar infheisteoirí a sheachaint nó a laghdú nó sciar de na préimheanna íoctha a íoc ar ais leis an tionscnóir tar éis aibíocht an idirbhirt. | N/B |
| STSSY 123 | Airteagal 26e (3), an ceathrú fomhír | Maolú i gcás íocaíochtaí préimhe tosaigh | | V | | De mhaolú ar réimsí STSSY121 agus STSSY122, ina bhforáiltear go sonrach maidir le scéim ráthaíochta i ndlí náisiúnta Ballstáit agus ina mbaineann sé tairbhe as frithráthaíocht ó aon cheann de na heintitis a liostaítear in Airteagal 214(2), pointe (a) go (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, míniú achomair go bhfuil na híocaíochtaí préimhe tosaigh ceadaithe, ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha maidir le Státchabhair. | N/B |
| STSSY 124 | Airteagal 26e(3), an tríú fomhír | Tuairisc ar phréimh na cosanta creidmheasa i ndoiciméadacht an idirbhirt | | V | | Míniú achomair go dtugtar tuairisc i ndoiciméadacht an idirbhirt ar an mbealach a ríomhtar an phréimh cosanta creidmheasa agus aon dearbháin nóta, más ann dóibh, i dtaca le gach dáta íocaíochta le linn shaolré iomlán an urrúsaithe. | N/B |
| STSSY 125 | Airteagal 26e(3), an séú fomhír | Infhorfheidhmithe acht chearta an infheisteora | | V | | Míniú achomair go bhfuil cearta na n-infheisteoirí préimheanna cosanta creidmheasa a fháil infhorfheidhmithe. | N/B |
| STSSY 126 | Airteagal 26e(4), an chéad fhomhír | Gníomhaire fíoraithe tríú páirtí a cheapadh roimh dháta deiridh an idirbhirt | V | | | Dearbhú go gceapfaidh an tionscnóir gníomhaire fíoraithe tríú páirtí roimh dháta deiridh an idirbhirt. | N/B |
| STSSY 127 | Airteagal 26e(4), an chéad fhomhír, pointe (a) | Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí - Fógra teagmhais creidmheasa atá sonraithe i dtéarmaí an chomhaontaithe cosanta creidmheasa | V | | | Dearbhú go bhfíoraíonn an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí, dá dtagraítear i réimse STSSY 126, i gcás gach ceann de na neamhchosaintí foluiteacha a dtugtar fógra maidir le teagmhas creidmheasa ina leith, gur teagmhas creidmheasa é mar a shonraítear i dtéarmaí an chomhaontaithe cosanta creidmheasa. | N/B |
| STSSY 128 | Airteagal 26 e (4), an chéad fhomhír, pointe (b) | Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí - An neamhchosaint fholuiteach a áireamh sa phunann tagartha | V | | | I gcás gach ceann de na neamhchosaintí foluiteacha a dtugtar fógra teagmhais creidmheasa ina leith, dearbhú go bhfíoraíonn an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY 126 go raibh an neamhchosaint fholuiteach san áireamh sa phunann tagartha tráth a tharla an teagmhas creidmheasa lena mbaineann. | N/B |
| STSSY 129 | Airteagal 26e(4), an chéad fhomhír, pointe (c) | Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí - Na critéir incháilithe a comhlíonadh tráth a gcuimsithe sa phunann tagartha | V | | | I gcás gach ceann de na neamhchosaintí foluiteacha a dtugtar fógra teagmhais creidmheasa ina leith, dearbhú go bhfíoraíonn an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 gur chomhlíon an neamhchosaint fholuiteach na critéir incháilitheachta tráth a gcuimsithe sa phunann tagartha. | N/B |
| STSSY 130 | Airteagal 26e(4), an chéad fhomhír, pointe (d) | Seiceáil an ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí - Comhlíonadh na gcoinníollacha athlíonta | V | | | I gcás gach ceann de na neamhchosaintí foluiteacha a dtugtar fógra maidir le teagmhas creidmheasa ina leith, dearbhú go bhfíoraíonn an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126, i gcás inar cuireadh neamhchosaint fholuiteach leis an urrúsúchán mar gheall ar athlíonadh, gur comhlíonadh na coinníollacha athlíonta leis an athlíonadh sin. | N/B |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| STSSY 131 | Airteagal 26e(4), an chéad fhomhír, pointe (e) | Seiceáil an ghníomhaire fioraithe tríú páirtí - Caillteanais i gcomhréir le ráiteas brabúis agus caillteanais an tionscnóra | V | | | I gcás gach ceann de na neamhchosaintí foluiteacha a dtugtar fógra teagmhais creidmheasa ina leith, dearbhú go bhfioraíonn an gníomhaire fioraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 go bhfuil an méid caillteanais deiridh i gcomhréir leis na caillteanais arna dtaifeadadh ag an tionscnóir ina ráiteas brabúis agus caillteanais. | N/B |
| STSSY 132 | Airteagal 26e(4), an chéad fhomhír, pointe (f) | Seiceáil an ghníomhaire fioraithe tríú páirtí - Leithdháileadh ceart na gcaillteanas ar infheisteoirí | V | | | I gcás gach ceann de na neamhchosaintí foluiteacha a dtugtar fógra teagmhais creidmheasa ina leith, dearbhú go bhfioraíonn an gníomhaire fioraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126, tráth a ndéantar an íocaíocht deiridh cosanta creidmheasa, gur leithdháileadh i gceart na caillteanais i ndáil leis na neamhchosaintí foluiteacha ar na hinfheisteoirí. | N/B |
| STSSY 133 | Airteagal 26e(4), an dara fomhír | Gníomhaire fioraithe tríú páirtí atá neamhspleách ar thionscnóirí, ar infheisteoirí agus (i gcás inarb infheidhme) ar SSPE | | V | | Míniú achomair go bhfuil an gníomhaire fioraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 neamhspleách ar an tionscnóir agus ar na hinfheisteoirí, agus, i gcás inarb infheidhme, ar SSPE. | N/B |
| STSSY 134 | Airteagal 26e(4), an dara fomhír | Gníomhaire fioraithe tríú páirtí a cheapadh faoin dáta deiridh | | V | | Míniú achomair gur ghlac an gníomhaire fioraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 leis an gceapachán mar ghníomhaire fioraithe tríú páirtí faoi dháta deiridh an idirbhirt. | N/B |
| STSSY 135 | Airteagal 26e(4), an tríú fomhír | Seiceáil an ghníomhaire fioraithe tríú páirtí ar bhonn samplach | | V | | Míniú achomair go ndéanann an gníomhaire fioraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 an fíorú ar bhonn samplála seachas ar bhonn gach neamhchosanta foluití aonair dá n-iarrtar íocaíocht cosanta creidmheasa ina leith. | N/B |
| STSSY 136 | Airteagal 26e(4), an tríú fomhír | Deis d'infheisteoirí ceangal a chur ar an ngníomhaire fioraithe tríú páirtí aon neamhchosaint fholuiteach a sheiceáil | | V | | Míniú achomair maidir le cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh infheisteoirí fíorú incháilitheacht aon neamhchosanta foluití faoi leith a iarraidh i gcás nach bhfuil siad sásta leis an bhfíorú ar bhonn samplála agus más ea go bhféadfaidh siad, cén dóigh a bhféadfaidh siad é sin a dhéanamh. | N/B |
| STSSY 137 | Airteagal 26e(4), an ceathrú fomhír | Deis a bheith ag an ngníomhaire fioraitheora tríú páirtí rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis ábhartha go léir | | V | | Míniú achomair go dtugann an tionscnóir gealltanas i ndoiciméadacht an idirbhirt go soláthróidh sé don ghníomhaire fioraithe tríú páirtí dá dtagraítear i réimse STSSY126 an fhaisnéis go léir is gá chun na ceanglais a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 26e(4) de Rialachán (AE) 2017/2402 a fhíorú. | N/B |
| STSS 138 | Airteagal 26e(5), an chéad fhomhír, pointe (a) go (f) | Imeachtaí foirceanta | | V | | Míniú achomair nach bhféadfaidh an tionscnóir idirbheart a fhoirceannadh roimh a aibíocht sceidealaithe ar chúis ar bith seachas na teagmhais a liostaítear in Airteagal 26e(5), pointe (a) go pointe (f) de Rialachán (AE) 2017/2402. | N/B |
| STSS 139 | Airteagal 26e(5), an dara fomhír | Doiciméadacht idirbhirt - Cearta céadrogha ar cheannach | | V | | Míniú achomair go sonraítear i ndoiciméadacht an idirbhirt go gcuirtear san áireamh san idirbheart lena mbaineann aon cheann de na cearta céadrogha ar cheannach dá dtagraítear in Airteagal 26e(5), an chéad fhomhír, pointí (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2017/2402 agus conas a dhéantar na cearta céadrogha ar cheannach sin a struchtúrú. | N/B |
| STSS 140 | Airteagal 26e(5), an tríú fomhír | Doiciméadacht an idirbhirt - glao-ama nach bhfuil struchtúrtha le go seachnófaí leithdháileadh caillteanas ar shuíomhanna feabhsuithe creidmheasa | | V | | Chun críocha Airteagal 26e(5), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/2402, míniú achomair nach bhfuil an glao-ama struchtúraithe le go seachnófaí leithdháileadh caillteanas ar shuíomhanna feabhsuithe creidmheasa nó ar shuíomhanna eile atá i seilbh infheisteoirí agus nach bhfuil an glao-ama struchtúraithe ar shlí eile chun feabhsú creidmheasa a chur ar fáil. | N/B |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| STSS 141 | Airteagal 26e(5), an ceathrú fomhír | Glao-ama | | V | | I gcás ina mbíonn glao-ama san áireamh leis an idirbheart, míniú achomair go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear in STSS139 agus STSS 140 comhlíonta, lena n-áirítear bonn cirt maidir le húsáid an ghlao-ama agus tuairisc inchreidte lena léirítear nach meath ar cháilíocht na sócmhainní foluiteacha is cúis le feidhm a bhaint as an nglao. | N/B |
| STSS 142 | Airteagal 26e(5), an cúigiú fomhír | Cosaint cistithe creidmheasa - Torthaí comhthaobhacha d'infheisteoirí in ord sinsearachta na dtráinsí | | V | | I gcás cosaint chreidmheasa chistithe, míniú achomair go ndéantar, tráth fhoirceannadh an chomhaontaithe cosanta creidmheasa, an comhthaobhacht a thabhairt ar ais do na hinfheisteoirí in ord shinsearacht na dtráinsí faoi réir fhorálacha ábhartha an dlí dócmhainneachta, de réir mar is infheidhme maidir leis an tionscnóir. | N/B |
| STSS 143 | Airteagal 26e(6) | Foirceannadh idirbhirt ag infheisteoirí i gcás nár íocadh an phréimh cosanta creidmheasa | | V | | Míniú achomair nach féidir le hinfheisteoirí idirbheart a fhoirceannadh roimh aibíocht sceidealaithe an idirbhirt sin ar aon chúis seachas nár íocadh an phréimh cosanta creidmheasa nó aon sárú ábhartha eile ag an tionscnóir ar oibleagáidí conarthacha. | N/B |
| STSSY 144 | Airteagal 26e(7), pointe (a) | Méid bharrachas an raoin difríochta shintéisigh d'infheisteoirí atá sonraithe i ndoiciméadacht an idirbhirt agus a shloinntear mar chéatadán seasta den iarmhéid punainne iomlán gan íoc | | V | | I gcás ina ngeallann an tionscnóir barrachas an raoin difríochta shintéisigh, atá ar fáil mar fheabhas creidmheasa do na hinfheisteoirí, míniú achomair go bhfuil méid bharrachas an raoin difríochta shintéisigh a gheallann an tionscnóir a úsáid mar fheabhas creidmheasa ag gach tréimhse íocaíochta sonraithe i ndoiciméadacht an idirbhirt agus go sloinntear é mar chéatadán socraithe d'iarmhéid iomlán gan íoc na punainne ag tús na tréimhse íocaíochta ábhartha (barrachas socraithe an raoin difríochta shintéisigh). | N/B |
| STSSY 145 | Airteagal 26e(7), pointe (b) | Barrachas an raoin difríochta shintéisigh nár úsáideadh agus atá le tabhairt ar ais don tionscnóir | | V | | I gcás ina ngeallann an tionscnóir barrachas an raoin difríochta shintéisigh, atá ar fáil mar fheabhas creidmheasa do na hinfheisteoirí, míniú achomair go maidir le méid bharrachas an raoin difríochta shintéisigh nach n-úsáidtear chun caillteanais creidmheasa a tharlaíonn le linn gach tréimhse íocaíochta, go dtugtar an méid sin ar ais don tionscnóir. | N/B |
| STSSY 146 | Airteagal 26e(7), pointe (c) | Tionscnóirí a úsáideann cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha - An méid iomlán a ghealltar in aghaidh na bliana nach airde é ná méideanna an chaillteanais ionchasaigh rialála aon bhliana | | V | | I gcás ina ngeallann an tionscnóir barrachas an raoin difríochta shintéisigh, atá ar fáil mar fheabhas creidmheasa d'infheisteoirí, míniú achomair nach bhfuil an méid iomlán tiomanta in aghaidh na bliana níos airde, i gcás tionscnóirí a úsáideann an Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nach bhfuil sé níos airde ná méideanna an chaillteanais ionchasaigh rialála aon bhliana ar gach neamhchosaint fholuiteach don bhliain sin, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158 den Rialachán sin. | N/B |
| STSSY 147 | Airteagal 26e(7), pointe (d) | Tionscnóirí nach n-úsáideann an cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha - ríomh an chaillteanais ionchasaigh bliana sa phunann fholuiteach a chinneadh go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt | | V | | I gcás ina ngeallann an tionscnóir barrachas an raoin difríochta shintéisigh, atá ar fáil mar fheabhas creidmheasa d'infheisteoirí, míniú achomair go ndéantar ríomh an chaillteanais ionchasaigh aon bhliana sa phunann fholuiteach a chinneadh go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt i gcás tionscnóirí nach n-úsáideann an Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. | N/B |
| STSSY 148 | Airteagal 26e(7), pointe (e) | Coinníollacha bharrachas an raoin difríochta shintéisigh a leagtar síos i ndoiciméadacht an idirbhirt | | V | | I gcás ina ngeallann an tionscnóir barrachas an raon difríochta shintéisigh, atá ar fáil mar fheabhas creidmheasa d'infheisteoirí, míniú achomair go sonraítear i ndoiciméadacht an idirbhirt na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26e(7) de Rialachán (AE) 2017/2402. | N/B |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| STSS 149 | Airteagal 26e(8), pointí (a), (b) agus (c) | An chosaint chreidmheasa in úsáid | | V | | Míniú achomair maidir le cé acu de na foirmeacha a leanas a gcomhlíonann an comhaontú cosanta creidmheasa leo:<br>(a) ráthaíocht lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 4 de Theideal II de Chuid 3 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-aistrítear an riosca creidmheasa chuig aon cheann de na heintitis a liostaítear in Airteagal 214(2), pointe (a) go (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar choinníoll go gcáilíonn na neamhchosaintí i dtaca leis an infheisteoir le haghaidh ualú riosca 0 % faoi Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid 3 den Rialachán sin;<br>(b) ráthaíocht lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 4 de Teideal II de Chuid 3 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a bhaineann tairbhe as frithráthaíocht d'aon cheann de na heintitis dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo;<br>(c) cosaint chreidmheasa eile nach dtagraítear di i bpointí (a) agus (b) thuas i bhfoirm ráthaíochta, díorthach creidmheasa nó nótaí creidmheas-nasctha lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 249 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar choinníoll go bhfuil oibleagáidí an infheisteora urrúsaithe ag comhthaobhacht lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i míreanna 9 agus 10 d'Airteagal 26e de Rialachán (AE) 2017/2402. | N/B |
| STSSY 150 | Airteagal 26e(9), an chéad fhomhír, pointe (a) | In-fhorfheidhmitheacht cheart an tionscnóra an chomhthaobhacht a úsáid chun oibleagáidí íocaíochta cosanta na n-infheisteoirí a chomhlíonadh trí shocruithe comhthaobhachta iomchuí | | | V | I gcás ina n-úsáidtear cosaint chreidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 26e(8), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/2402, míniú mionsonraithe ar an gcaoi a bhfuil ceart an tionscnóra an chomhthaobhacht a úsáid chun oibleagáidí íocaíochta cosanta infheisteoirí a chomhlíonadh in-fhorfheidhmithe agus conas a áirithítear in-fhorfheidhmitheacht an chirt sin trí shocruithe comhthaobhachta iomchuí. | N/B |
| STSSY 151 | Airteagal 26e(9), an chéad fhomhír, pointe (b) | Ceart infheisteoirí aon chomhthaobhacht nár úsáideadh a fháil nuair a leachtaítear urrúsúchán nó de réir mar a amúchtar na tráinsí | | V | | I gcás ina n-úsáidtear cosaint creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 26e(8) de Rialachán (AE) 2017/2402, míniú achomair, i gcás ina leachtaítear an t-urrúsúchán nó de réir mar a amúchtar na tráinsí, ina dtugtar aon chomhthaobhacht nár úsáideadh chun íocaíochtaí cosanta a chomhlíonadh ar ais, míniú achomair go bhfuil ceart na n-infheisteoirí infhorfheidhmithe. | N/B |
| STSSY 152 | Airteagal 26e(9), an chéad fhomhír, pointe (c) | Comhthaobhacht a infheistítear in urrúis - Critéir incháilitheachta agus socrú coimeádta sonraithe i ndoiciméadacht an idirbhirt | | | V | I gcás ina n-úsáidtear cosaint chreidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 26e(8), pointe (c) de Rialachán (AE) 2017/2402, míniú mionsonraithe ar an gcaoi a n-infheistítear an chomhthaobhacht in urrúis, leagtar amach i ndoiciméadacht an idirbhirt na critéir incháilitheachta agus an socrú coimeádta le haghaidh na n-urrús. | N/B |
| STSSY 153 | Airteagal 26e(9), an dara fomhír | Infheisteoirí neamhchosanta ar riosca creidmheasa an tionscnóra | | V | | Míniú achomair go sonraítear i ndoiciméadacht an idirbhirt cé acu a atá nó nach bhfuil infheisteoirí fós neamhchosanta ar riosca creidmheasa an tionscnóra. | N/B |
| STSSY 154 | Airteagal 26e(9), an tríú fomhír | Tuairim dhlíthiúil lena ndeimhnítear in-fhorfheidhmitheacht na cosanta creidmheasa i ngach dlínse | V | | | Dearbhú go bhfuil tuairim faighte ag an tionscnóir ó dhlíodóir cáilithe lena ndeimhnítear in-fhorfheidhmitheacht na cosanta creidmheasa i ngach dlínse ábhartha. | N/B |
| STSSY155 | Airteagal 26e(10), an chéad fhomhír, pointe (a) | Comhthaobhacht ardcháilíochta - urrúis fiachais ualaithe de réir riosca 0 % | | V | | I gcás ina dtugtar cosaint creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 26e(10), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402 i bhfoirm urrús fiachais atá ualaithe ó thaobh riosca de ag 0 % dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, míniú achomair go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a | N/B |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | leanas:<br>(i) tá uastréimhse aibíochta trí mhí fós ag gabháil leis na hurrúis fiachais sin nach mbíonn níos faide ná an tréimhse a bhíonn fágtha go dtí an chéad dáta íocaíochta eile<br>(ii) is féidir na hurrúis fiachais sin a fhuascailt in airgead tirim i méid atá cothrom le hiarmhéid gan íoc an tráinse chosanta;<br>(iii) tá na hurrúis fiachais sin i seilbh coimeádaí atá neamhspleách ar an tionscnóir agus ar na hinfheisteoirí; | |
| STSSY 156 | Airteagal 26e(10), an chéad fhomhír, pointe (b) | Comhthaobhacht ardcháilíochta - airgead le hinstitiúid chreidmheasa tríú páirtí lena mbaineann cáilíocht creidmheasa chéim 3 nó os a cionn | | √ | | I gcás ina gcuirtear cosaint creidmheasa ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 26e(10), pointe (b) de Rialachán (AE) 2017/2402, míniú achomair ar an socrú comhthaobhachta lena dtugtar don tionscnóir agus don infheisteoir an ceart dul ar iontaoibh comhthaobhachta i bhfoirm airgid a choimeádtar le hinstitiúid chreidmheasa tríú páirtí ag a bhfuil cáilíocht creidmheasa chéim 3 nó os a cionn i gcomhréir leis an mapáil a leagtar amach in Airteagal 136 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. | N/B |
| STSSY 157 | Airteagal 26e(10), an dara fomhír | Maolú – comhthaobhacht i bhfoirm airgid atá curtha i dtaisce leis an tionscnóir | | | √ | I gcás ina n-úsáidtear an maolú ar Airteagal 26e(10), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) 2017/2402, míniú mionsonraithe ar an socrú comhthaobhachta, agus toiliú an infheisteora ina leith, nach dtugtar ach don tionscnóir an fhéidearthacht dul ar iontaoibh comhthaobhachta ardcháilíochta i bhfoirm airgid atá i dtaisce leis an tionscnóir, nó le cleamhnaí dá chuid. | N/B |
| STSSY 158 | Airteagal 26e(10), an tríú fomhír | Comhthaobhacht i bhfoirm airgid i dtaisce leis an tionscnóir - cead ón údarás inniúil | | | √ | Míniú mionsonraithe maidir le toiliú na n-údarás inniúil arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 gur féidir leis an gcomhthaobhacht a bheith i bhfoirm airgid i dtaisce leis an tionscnóir, nó le cleamhnaí dá chuid, má cháilíonn an tionscnóir nó cleamhnaí dá chuid le haghaidh chéim 3 den cháilíocht creidmheasa ar choinníoll gur féidir doiciméadú a dhéanamh ar dheacrachtaí margaidh, ar bhaic oibiachtúla a bhaineann leis an gcéim den cháilíocht chreidmheasa arna sannadh do Bhallstát na hinstitiúide, nó ar fhadhbanna comhchruinnithe suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann sa Bhallstát lena mbaineann mar gheall ar chur i bhfeidhm íoscheanglas chéim 2 den cháilíocht chreidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 26e(10), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402. | N/B |
| STSSY 159 | Airteagal 26e(10), an ceathrú fomhír | Aistriú comhthaobhachta i gcás nach gcomhlíonann institiúid chreidmheasa tríú páirtí nó tionscnóir an chéim íosta cáilíochta creidmheasa a thuilleadh | | | √ | Míniú mionsonraithe ar an gcaoi a n-aistrítear an chomhthaobhacht i gcomhréir le hAirteagal 26e(10), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402 i gcás ina raibh an chomhthaobhacht i seilbh i bhfoirm airgid i dtaisce le hinstitiúid nach gcomhlíonann an chéim íosta cáilíochta creidmheasa a thuilleadh. | N/B |
| STSSY 160 | Airteagal 26e(10), an cúigiú fomhír | Ceanglais chomhthaobhacht a a chomhlíonadh i gcás infheistíochtaí i nótaí creidmheas-nascth a arna n-eisiúint ag an tionscnóir | √ | | | Dearbhú go bhfuil infheistíocht i nótaí creidmheas-nasctha arna n-eisiúint ag an tionscnóir, i gcomhréir le hAirteagal 218 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. | N/B |

‘